Brúchtadh bolcáin

Coincheap—Fuinneamh ceimiceach



NASC LEIS AN gCURACLAM:
Curaclam Eolaíochta – Dearadh agus Déanamh

Turgnamh

Beidh gá agat le:

- Salann
- Plúr
- Ola cócaireachta
- Uisce
- Babhla
- Buidéal plaisteach
- Tráidire bácála
- Dathú dearg do bhia
- Leacht níocháin
- Sóid aráin
- Fínéagar

'Taos salainn' a dhéanamh
Measc 6 chupán plúir, 2 chupán salainn, 4 spúnóg bhoird lán d'ola chócaireachta agus 2 chupán uisce i mbabhla mór.

Bolcán
1. Líon an buidéal plaisteach le huisce te go dtí go bhfuil sé leathlán agus cuir cúpla braon den dathú dearg do bhia leis.
2. Fáisc cúpla deor den leacht níocháin mias isteach sa bhuidéal.
3. Cuir dhá spúnóg bhoird de shóid aráin leis (b'fhéidir go mbeidh gá agat le tonnadóir).
4. Cuir an buidéal plaisteach ina sheasamh ar thráidire bácála agus múnlaigh an taos timpeall an bhuidéil, agus an barr ar oscailt.
5. Doirt an fínéagar isteach sa bhuidéal go mall agus breathnaigh ar do bholcán ag brúchtadh.

Nuair a mheasctar sóid aráin agus fínéagar tarlaíonn imoibriú ceimiceach agus scaoiltear amach fuinneamh an cheimiceáin taiscthe. Déantar gás dé-ocsaíd charbóin de a chuireann ar an meascán dearg brúchtadh ina chúr dearg as an mbuidéal.

Tuilleadh oibre:
Faigh ábhair eile chun cruth bolcáin a dhéanamh - d'fhéadfá papier mâché a úsáid.